

Dóchas as an gCruthú



Grianghraf: ED :-)



Aimsir Adhartha agus Aimsir Ghnímh

Creat 5 seachtainí le hAghaidh Thréimhse Chéiliurtha an Chruthaithe, bunaithe ar Phaidir an Tiarna

*Arna chur le chéile ag Revd Dave Bookless, Stiúrthóir Náisiúnta, A Rocha UK,
Le hAghaidh Eaglaisí Le Chéile, An Bhreatain Mhór agus Éire, Acmhainní Thréimhse an Chruthaithe 2008*

Is tábhachtach an téama é an dóchas as cruthú sa lá atá inniu ann. Bíonn an íomhá apacailipteach de chuid na n-eolaithe agus na bhfeachtasóirí chomh diúltach sin i dtaobh an Athraithe Aeráide go bhfuil eadóchas ar mhórchuid daoine. Creideann daoine áirithe gur sa nuálaíocht theicniúil, sna creataí rialála nó sa ghníomhú polaitiúil atá an dóchas. Tá tábhacht ag baint leo seo ar fad, ach ní athróidh siad an nadúr daonna. Is mó tuiscint atá againn le blianta beaga anuas ar an riachtanas atá ann athrú níos doimhne agus níos fairsinge a chur i bhfeidhm.

Tá na hábhair seo bunaithe ar an dóchas atá againn mar Chríostaithe, agus tá sé sin bunaithe ar phleananna maithe Dé dá chruthú, ar an réimse ollmhór obair shlánaithe a rinne Críost, agus ar chumhacht athnuachana an Spioraid atá de shíor ag saothrú tríd an gcine daonna. Tagann an dóchas ón gcruthú, deimhnítear leis an gcrios agus leis an aiséirí é, agus oibrítear amach inár bhfreagairt é. Athaímsimis fíis bhíobálta a ligfidh do dhaoine athrú, a ligfidh do phobail siabhradh agus a ligfidh don chruthú athnuachan.

Déanaimis iarracht cloí leis an gcleachtas seo, ní le briathra an tseanfhocail, ach leis na gníomhartha a dhearbhaíonn.

Is solúbtha iad ábhair Phaidir an Tiarna, agus d'oifidís do shuíomh neamhfhoirmiúil. Is féidir le daoine de gach aoisghrúpa a bheith rannpháirteach ann.

Clúdaíonn na ceithre Dhomhnach:

Ár nAthair, atá ar neamh, go Naofar d'ainm

- Moladh agus buíochas as cruthú Dé

Go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh

- Cuspóirí Dé don chruthú, agus ár ról sna cuspóirí sin

Ár n-arán laethiúil tabhair dúinn inniu

- Ceartas do dhaoine agus d'iomlán an chruthaithe

Maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféiciúnaithe féin

- An dualgas atá orainn a admháil gur theip orainn, le go mbunathrófar chun feabhais sinn

Ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc, óir is leatsa an Ríocht

- Gníomh dóchais bunaithe ar thodhcaí Dé

Seachtain 1: Ár nAthair, atá ar neamh, go Naofar d'ainm

Téama

Moladh agus buíochas as cruthú
Dé



Grianghraf: © Matt Gruber

Moltaí ar Ábhar Léitheoireachta

Geineasas 1:26-2:15 (Ordú Dé don daonnacht freastail
ar chúram an domhain)

Salm 148 (Molann iomlán an chruthaithe Dia)

Matha 6:5-15 (Múineann Íosa dá dheisceabai cén chaoi le guí a dhéanamh)

Treoracha agus Moltaí Seanmóireachta


- Léirigh íomhánna (pictúir, aicéatáit, sleamhnáin PowerPoint, gearrthóga físeán) d'iontas an chruthaithe (go hidéalach taispeáin tírdhreacha móra, amhairc tíre, spéir na hoíche, chomh maith le créatúir dhifriúla, daoine san áireamh).
- Cuir na páistí agus na daoine fásta ag caint faoi rudaí an domhain a chuireann iontas orthu (m.sh. créatúir dhifriúla idir mhóra agus bheaga, áiteanna, radhairc). D'fhéadfadh sé seo a bheith déanta roimhré, nó ar an toirt.
- Cuimhnigh gurbh é an chéad rud a mhúin Íosa dúinn ná go naofaí ainm Dé agus sinn ag guí. Céard is brí leis seo? Is éard atá i gceist leis ná go bhforógrófaí naofacht Dé – a chumhacht agus a iontas.
- I Salm (leabhar iomann de chuid na nGiúdach agus na Luath-Eaglaise), feictear gurb é cumhacht agus carachtar Dé a léirítear sa chruthú an bealach is suntasaí chuig adhradh. Feicimid saothar Dé, agus tugtar in adhradh sinn – le hainm Dé a naomhú.
- Déanann an cuid eile den chruthú Dia a adhradh chomh maith – In Leabhar na Salm 148, spreagtar an ghrian, an ghealach, na réaltaí; na harrachtaí mara, an bháisteach, na clocha sneachta, na cnoic agus na sléibhte; na hainmhithe fiáine agus na hainmhithe intíre, na hearca is an éanlaith, agus an daonnacht ina iomláine le hainm Dé a adhradh.
- Is é an cruthú an chéad teistiméireacht, agus an ceann is soiléire leis, ar nadúr agus chumhacht Dé. Ba chóir dúinne, ar nós an tSalmaire, ár gcuid adhartha a dhéanamh in éineacht leis an gcruthú ina iomláine (e.g. ar nós an adhartha Ortadocsaigh, ar nós an adhartha Cheiltigh, agus féidearthacht an adhartha faoin aer a thriail).
- Cén chaoi a n-adhrann an cruthú neamh-dhaonna (agus neamh-bheoga go fiú) Trína ról a bhfuarthas ó Dhia a chomhlíonadh. Cén chaoi a n-adhraidimid féin? Tríd an ról a thug Dia dúinn a chomhlíonadh chomh maith... Is é sin go príomha le hÍomha Dé a hiompar trí rial a bheith againn ar an gcruthú ar bhealach diaga (Geineasas 1:26-28).

Seachtain 2: Go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh

Téama

Cuspóirí Dé don chruthú, agus ár
ról sna cuspóirí sin



Grianghraf: Laura Woolf 

Moltaí ar Ábhar Léitheoireachta

Salm 19 (saothair Dé agus briathra Dé)
Colosaigh 1:15-20 (Tiarnas Chríost ar an gcruthú)
Matha 21:33-críoch (Fáthscéal thionóntaí an fhíonghoirt)

Treoracha agus Moltaí Seanmóireachta

- Féach nótaí ‘Seanmóirí Leicseanáir Thréimhse Chéiliurtha an Chruthaithe’ do 21 Mí Mheán Fomhair le haghaidh ábhar ar Ríocht Dé.
- Féach nótaí ‘Seanmóirí Leicseanáir Thréimhse Chéiliurtha an Chruthaithe’ do 5 Mí Dheireadh Fomhair le haghaidh ábhar ar Mhatha 21:33-críoch.
- Ríocht Dé – Nuair a labhraíonn Íosa faoi Ríocht Dé agus faoi Ríocht na bhFlaitheas, ní ag labhairt faoi rud éigin thuas sa spéir atá sé ná rud éigin amuigh i bhfad anonn sa todhcaí. Is léir gur éirigh le Ríocht Dé briseadh isteach ar an domhan seo, ar an gcontanam spás-ama seo, le teacht Íosa. Tá Ríocht Dé ‘in bhur measc’ nó ‘fite fuaite ionaibh’ faoi mar a deir Íosa – ní in áit éigin amuigh ansin atá sé, ach díreach ar an láthair seo. Ní Ríocht é le teorannacha agus le hairm; diríonn sé ar ríogacht Dé a athbhunú san áit ar forghabhadh é. Diríonn sé ar riail Dé agus ár gcaidreamh leis sin – tá an Ríocht inár measc. Diríonn sé ar riail Dé agus ár gcaidreamh lena chéile – sna heaglaisí, i bpobail, i sochaithe éagsúla – tá Ríocht Dé inár measc. Ach diríonn sé ar an gcruthú chomh maith – an timpeallacht - múineann Íosa go soiléir dúinn guí go ndéantar toil Dé *ar an talamh* mar a dhéantar ar neamh. Diríonn Ríocht Dé ar thalamhú na bhflaitheas.
- An tOllamh Hans Kung: “Is ionann Ríocht Dé agus cneasú an chruthaithe”.
- Amhail a dúirt Tom Wright: “Is iad na rudaí a dhéanann tú faoi láthair – an phéintéireacht, an phraeitseáil, an amhránaíocht, an fhuáil, guí, an múineadh, tógáil óspidéal, tógáil tobar, feachtais a chur ar bun, dánta a chumadh, aire a thabhairt do dhaoine, grá a thaispeáint do do chomharsa mar tú féin – na rudaí a mhairfidh i todhchaí Dé... Is geall le céimeanna iad i dtógáil Ríocht Dé”¹
- Is féidir seanmóir a bhunú ar Cholosaigh 1:15-20, ag léiriú cuspóirí Dé d’iomlán an chruthaithe i gCríost:
 - Foinse an Chruthaithe ‘chéadghin gach dúile cruthaithe’ v.16
 - an tArdcheannasach ar an gCruthú ‘is trídsean agus dósan a cruthaíodh an t-iomlán’ v.16
 - Cothaitheoir an Chruthaithe ‘is ann a choinnítear ar bun iad’ v.17
 - Slánaitheoir an Chruthaithe ‘is ann ab áil le lánmhaireacht iomlán Dé ina cónaí’ trína bhás ar an gcros v.19-20
- Ár ról i gcuspóirí Dé – más Íosa ‘is íomhá den Dia dófheicthe é’ (Col. 1.15) agus más rud é gur chruthaíodh in íomha Dé sinn (Geineasas 1.26), ba chóir mar sin go léireodh saol agus saothar Íosa go feillbhinn dúinn cén chaoi le híomha Dé a athshlánú i gcúram an chruthaithe..

¹ Wright, N. T., ‘Surprised by Hope, SPCK, Londain, 2007, lth.205.

Seachtain 3: Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu

Téama


Ceartas do dhaoine agus d'iomlán an chruthaithe



Moltaí ar Ábhar Léitheoireachta

Míoca 6:1-8 (Teastaíonn ceartas agus trócaire ó Dhia)
Matha 25:31-46 (Fáthscéal na gcaorach agus na ngabhar)

Treoracha agus Moltaí Seanmóireachta

Grianghraf: matze_ott 

- Tá an ghráin ag Dia ar an éagóir. Cuir dúil Dé san 'fhíríantacht' (= ceartas) i gcuimhne do dhaoine, sa mhéid is gur shábháil sé na hIosraeilítigh ón Éigipt, gur sheol sé na fáithe (ar nós Mhíoca) le hIosrael a chomhairle nuair a bhí an éagóir ag bagairt ar phleananna Dé, i mbriathra Mhuire sa Magnificat (na boicht agus na huireasaigh a shábháil, agus na daoine saibhre a dhíbriú), briathra Íosa san fhorógra a thug sé i Nazarat (Lúcás 4) ... d'fhéadfaí dul ar aghaidh ar an imeacht seo.
- Mairimid i saol sa lá atá inniu ann ina bhfuil an éagóir de shíor ag méadú seachas é a bheith ag laghdú. Ní féidir linn i gcuid seo an domhain sinn féin a scarúint ó na fadhbanna atá cruthaithe sa domhan forbraíochta cheana ag an Athrú Aeráide.
- Féach nótaí 'Seanmóirí Leicseanáir Thréimhse Chéiliurtha an Chruthaithe' do 14 Mí Mheán Fomhair ar 'Ní dhéanann an grá aon oic ar an gcomharsa' (Rómhánaigh 13:10). Sa domhan idirnascaithe, caidreamhach seo, cuireann an nós maireachtála atá agam, an fuinneamh a úsáidim, an truailliú a chruthaím, agus mo chuid drámhala isteach ar mo chomarsa. Faightear málaí plaisteacha a chaitear amach i Sasana i mboilg albatras thall san Aigéan Ciúin. Déanann báisteach aigéadach dochar d'fhoraoiseanna sa Chríoch Lochlann. Cuireann astuithe carbóin ón Iarthar le aimsir foircneach, agus arduithe i leibhéil na mara sa Bhanglaidéis agus sa Mhaláiv. Scaoiltear thart ar 9.5 tona dé-ocsaíd charbóin an duine in aghaidh na bliana sa Ríocht Aontaithe. Is iad 0.1 tona sa Mhaláiv agus 0.2 tona² na meánastuithe sa dhá thír sin. Mar a thaispeánann Athbhreithniú Stern de chuid Rialtas na Breataine Móire ar eacnamaíocht an Athraithe Aeráide, "Tá éagothrom ag baint le tionchair an Athraithe Aeráide: is mó agus is luaithe a bheidh tíortha boichta thíos leis ná tíortha saibhre, a bhfuil ¾ na freagrachta orthu i leith na ngás ceaptha teasa atá san atmaisféar faoi láthair."³
- De réir 'an arán laethúil', táimid ag maireachtáil i dtréimhse ina bhfuil fás as cuimse ag teacht ar phraghais bhunbhianna a maireann bunáite an domhain orthu. I rith na tréimhse idir Mhí Mhárta 2007 agus Mhí Mhártha 2008, is mar seo a mhéadaigh praghais eagsúla:
 - Arbhar – ardú 31%, Rís – ardú 74%, soighe – ardú 87%, cruinneacht – ardú 130%⁴
- Cé go bhfuil baint ar leith ag an mborradh faoi dhaonra an domhain leis, is iad is cúis leis go príomha ná
 - méadú ar chonfadh chun feola de réir mar a éiríonn sochaithe níos saibhre (tá a 10 oiread níos mó uisce ag teastáil le kg amháin de mhairteoil a dhéanamh ná mar atá ag teastáil chun an oiread céanna d'arbhar Indiach a shaothrú.
 - saothrú arbhair Indiagh agus barra eile le go ndéanfaidh bithbhreosla ionadú ar bhreosla iontaise.
 - tionchar an Athraithe Aeráide atá ag méadú an t-am ar fad, a chruthaíonn aimsir earráideach a chuireann le díleanna, triomaigh, agus le gortaí. Is é a deireann Comhpháirtí Christian Aid Nazmul Chowdhury ón mBanglaidéis linn ná "dearmad a dhéanamh ar chealú an bhochtanaís. Déanfaidh an tAthrú Aeráide an bochtanas a chinntiú."⁵
- Dúshlán is ea fáthscéal na gcaorach agus ngabhar dúinnse. Ní mór dúinn aghaidh Íosa a fheiscint in aghaidh gach duine atá ar an ngort, gach íospartach a d'fhulaing de thoradh an Athraithe aeráide. Ní mór dúinn a aithint go mbaineann ár ró-thomhaltas anseo le bochtanas agus fulaingt leanúnach atá go forleathan i gcuid mhaith an domhain. Cad a déarfadh Íosa linn inniu? An gcuirfeadh sé leis na caoraigh nó leis na gabhair sinn?

² Staitisticí ó Ábhair 'Carbon Fast' de chuid Tearfund

³ Sir Nicholas Stern - www.hm-treasury.gov.uk/media/A/8/stern_speakingnotes.pdf

⁴ Ó Shuíomh Gréasán BBC News; source Bloomberg / Jackson Son & Co.

⁵ Suíomh Gréasán Charthanacht Chríostaí – www.christianaid.org.uk/stoppoverty/climatechange/facts/index.aspx

Seachtain 4: Maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféiciúnaithe féin

Téama

An dualgas atá orainn a admháil
gur theip orainn, le go
mbunathrófar chun feabhais sinn



Grianghraf. --Zoe--



Moltaí ar Ábhar Léitheoireachta

Hóisé 4:1-3 (Fulaingt an chruthaithe agus cliseadh na daonnachta)

Lúcás 6:20-26 (Is méanar daoibh atá bocht, óir is libhse an Ríocht)

Treoracha agus Moltaí Seanmóireachta

Mairimid ar dhomhan sa lá atá inniu ann ina bhfuil méadú ag teacht ar an mbearna idir an tsaibhir agus na boicht. Faoi 1960, bhí ioncaim an 20% is saibhre ar an domhan (muintir na hÉireann san áireamh) a 30 oireadh níos mó na ioncaim an 20% is boichte. Faoi 1997, bhí méadú tagtha ar an mbearna sin, agus bhí ioncaim an 20% is saibhre a 74 oiread níos mó ná mar a bhí ag an 20% is boichte.⁶

- Léiríonn Íosa dúinn in Lúcas 6 go dtéann Dia i leith na mbocht agus na n-ocrach, seachas na daoine saibhre bogásacha. Cad a déarfadh sé linn inniu? Cén chaoi ar cheart dúinn sinn féin a athrú, dar leis?
- Chomh maith le méadú ar fhulaingt an chine daonna, tá ár gcuid nósanna maireachtála agus ár gcuid róthomaltais ag déanamh dochair do chruthú Dé. Dar leis na heolaithe, tá ráta díothaithe an lae inniu a 100-1000 oiread níos mó ná an ráta nádúrtha, ó tharla go bhfuil bagairt díothaithe ar suas le speiceas mamach amháin as gach ceathair, chomh maith le amfaibiach agus eas amháin as gach trí a bhfuil an bhagairt chéanna orthu.⁷ Dar le Hóisé 4, bíonn an éanlaith agus ainmhithe eile ag fulaingt de bharr ár bpeaca i gcoinne Dé, agus bíonn an talamh é féin ag 'caoineadh'.
- Bíodh is go bhfuil nósanna maireachtála againn a chuireann le fulaingt na timpeallachta agus daoine eile (féach nótaí na seachtaine seo caite), caithfimid ár gciontacht a admháil sa lá atá inniu ann, cíbe d'aon ghnó ná neamh-comhfhiosach é.
- Is ciontacht aonaránach (tabhair samplaí de na roghanna laethúla a dhéanaimid gach lá m.sh. an gluasteán a úsáid nuair a d'fhéadfaimis siúl, toradh a cheannach nuair is léir go ndéanann sé díobháil do dhaoine eile) agus corparáideach (ní bhíonn neart againn air uaireanta sa mhéid is nach bhfuil an dara rogha againn maidir leis an tiomáint, agus nach fios dúinn cé as a dtagann ár gcuid bia etc.) atá ann. Caithfimid aithreachas a dhéanamh ar bhonn pearsanta chomh maith le hé a dhéanamh go hionadaíoch ar son ár sochaí.
- Ní féidir glacadh le maithiúnas Dé go dtí go n-admhálaimid go bhfuil peaca déanta againn. Baineann aithreachas le 'metanoia', athrú iomlán ar an meon agus sa ghníomh praiticiúil. Tabhair samplaí den chaoi ar féidir linn an t-aithreachas seo a léiriú de réir mar a mhairimid (m.sh. an tsiopadóireacht eiticiúil, an caomhnú fuinnimh, gearradh siar ar thaisteal truailitheach neamhriachtanach).
- Ní mór maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile ina dhiadh duit féin maithiúnas a fháil. Níl aon slí le seirbhe ná le falta. Féach nótaí 'Seanmóirí Leicseanáir Thréimhse Chéiliurtha an Chruthaithe' do 14 Mí Mheán Fomhair le haghaidh tráchta ar Mhatha 18:15-20 (an giolla domhaite) agus na naisc idir an maithiúnas, an faoiseamh fiach agus prionsabal an tSean-Thiomna i gcomhair talún agus daoine.
- Má táimid le sracfhéachaint a bheith againn ar Ríocht Dé de cheartas agus de shuíochán– an coincheap bíobálta a dtugtar 'shalom' air – is den rithabhactach é go gceasófar gach caidreamh go léir, go tabharfaí agus go nglacfaí le maithiúnas, go gcealófaí fiacha, agus go ndéanfaí aiseag ar éagóracha. Ní féidir 'shalom' a bheith ann gan na rudaí seo a bheith in éineacht leis.
- Tá neart oibre le déanamh go fóill maidir le nósanna maireachtála a tharraingt chugainn a leanann fíis Dé an 'shalom', ach caithfimid tosú ar an láthair seo, le céimeanna beaga cinniúnacha a dhéanamh chun go n-athrófar ár gcuid iompar agus ár gcuid nósanna maireachtála. Tá neart acmhainní ann atá an-chabhrach, m.sh. Living Lightly 24-1 de chuid A Rocha (www.livinglightly24-1.org.uk), Live Simply de chuid an CAFOD (www.livesimply.org.uk), Tearfund (<http://www.tearfund.org/>), Christian Aid (<http://www.christianaid.org.uk/>), Trocaire (<http://trocaire.org/>) agus eile.

⁶ 1999 UN Human Development Report (is féidir teacht air seo, chomh maith le an-chuid eolas luachmhar eile ag www.globalissues.org/TradeRelated/Facts.asp)

⁷ Dar leis an World Conservation Union / IUCN - <http://cms.iucn.org>

Seachtain 5: Ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc, óir is leatsa an Ríocht

Téama

Gníomh dóchais bunaithe ar
thodhcaí Dé



Moltaí ar Ábhar Léitheoireachta

Romans 8:18-23 (An cruthú ag déanamh fadaíocht ar an uair a scaoilfear é)
Matha 6:25-33 (Ná bíodh imní ort faoi airgead agus éadaí; tóraigh Ríocht Dé ar dtús)

Grianghraf: Arttu Manninen 

Treoracha agus Moltaí Seanmóireachta

- Féach nótaí ‘Seanmóirí Leicseanáir Thréimhse Chéiliurtha an Chruthaithe’ do 5 Mí Deireadh Fomhair – ‘Dóchas as an gCruthú i gCríost’ – le aghaidh ábhar ar Rómhánaigh 8 agus an dóchas as an gcruthú sa todhcaí.
- In Rómhánaigh 8, deirtear linn go bhfuil an cruthú ag feitheamh leis an dá rud seo:
 - Le go scaoilfear ó dhaoirse an lofa é – is é sin go bhfuil todhcaí inbhraite in ndán don domhan ábharach seo
 - Le go nochtfar páistí Dé – cuireann sé seo Geineasas 1 i gcuimhne dúinn, agus is cosúil go bhfuil deis ag pobal slánaithe Dé a gcéad ghairm riamh a athshlánú; freastal ar chúram an chruthaithe ar bhonn diaga agus cóir.
- In Matha 6:33, tugann Íosa dúshlán dúinn ‘déanaigí Ríocht Dé agus a fhiréantacht a lorg ar dtús, agus tabharfar na nithe sin uile daoibh chomh maith.’ Is ionann “na nithe sin” agus tagairt dár gcúraimí laethiúla, is é sin le rá airgead, beatha, éadaí etc. – ní peacaí iad go dtí go dtugaimid tús áite dóibh sin seachas Ríocht Dé – go dtí go n-éiríonn siad ina ndéithe beaga.
- Is é dúshlán Mhatha 6 ná diúltú as a bheith páirteach sna hoibseisiúin thomhaltacha abharaíocha atá forleathan sa tsochaí is againne. Ní mór dúinn ár gcuid luachanna a fháil as áit eile – tugtar cuireadh dúinn díriú ar thosaíochtaí Dé – a Ríocht cheartais agus síochána don chruthú iomlán.
- Tá athrú meoin agus athrú tosaíochtaí ag teastáil má tá tú chun Ríocht Dé a lorg – ionas nach mbeadh ár gcompond agus ár rachmas féin ina sprioc dheiridh againn, ach go ndéanfaimis iarracht comharthaí Ríocht Dé a fheiscint ar an láthair seo – inár measc agus fite fuaite ionainn. B’fhéidir go bhfágfaidh sé sin go mbeimid ag maireachtáil ar bhealach atá an-difriúil ó na daoine atá mórthimpeall orainn. Seans go mbeidh orainn dul i bhfiontar leis, agus go mbeimid difriúil ón tromlach, ach nach é sin an chaoi a dtosnaíonn athruithe sa tsochaí i gcónaí – mionlach daoine a bhfuil fíis dhifriúil acu, agus atá toilteanach í a leanúint? Nach é sin gairm na heaglaise i ngach glúin?
- Seo sampla de lorgaireacht Ríocht Dé: “Gach aon ghníomh grá, buíochais agus cinealtáis; gach aon saothar ealaíne nó ceoil a spreagtar ó ghrá Dé agus ó lúachair in áilleacht a chruthaithe; gach aon nóimead a chaitear le iarrachtaí a dhéanamh siúl nó léamh a chur ar pháiste atá faoi mhíchumas; gach aon ghníomh a léiríonn aire, cothaíocht, agus tacaíocht dár gcomhdhaonnaithe, ach oiread leis sin, dár gcomhchréatúir neamhdhaonna; gach aon phaidir ar ndóigh, gach teagasc spiorad-díríthe, gach aon gníomh a scaipeann an soiscéal, a chuireann leis an eaglais, a chuimsíonn an naofacht seachas an chaimiléireacht, agus a dhéanann ainm Íosa a ónórú ar fud an domhain – mairfidh na rudaí seo ar fad, le cumhacht aiséirí Dé, sa chruthú nua a chruthóidh Dia. Is é sin loighic mhisean Dé. Ciallaíonn athchruthú Dé, ar chuir aiséirí Íosa tús leis, agus a mhaireann go rúndiamhair trí Spiorad Íosa, nach gcuirfear na rudaí a dhéanaimid i gCríost agus tríd an Spiorad amú. Seasfaidh siad i ndomhain nua Dé. Ní hamháin sin, ach déanfar iad a fheabhsú ann.”⁸

⁸ Wright, N. T., ‘Surprised by Hope’, SPCK, Londain, 2007, lth.220